

9.12.2020

A9-0101/124

**Leasú 124**

**Norbert Lins**

thar ceann an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

**Tuarascáil**

**A9-0101/2020**

**Elsi Katainen**

Forálacha idirthréimhseacha maidir le tacaíocht ó CETFT agus ó CERT sa bhliain 2021 (COM(2019)0581 – C9-0162/2019 – 2019/0254(COD))

**Dréachtrún reachtach**

**Mír 1 a (nua)**

*Dréachtrún reachtach*

*Leasú*

*1a. ag formheas a ráiteas atá i gceangal leis an rún seo;*

Or. en

Mar eolas, seo a leanas a deir na ráitis:

## **Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa maidir le socruithe idirthréimhseacha CBT agus an Creat Airgeadais Ilbhliantúil**

### **Cúlchiste géarchéime**

Ó bunaíodh é in 2014, níor gníomhachtaíodh an cúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta riamh mar gheall ar an sásra smachta airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ar dá réir a bhaintear leas as an maoiniú don cúlchiste sin ag tús gach bliana ó mhéid iomlán na n-íocaíochtaí díreacha. Cuirtear airgead nach n-úsáidtear ar ais chuig íocaíochtaí díreacha ag deireadh na bliana. Mar thoradh air sin, níor úsáideadh an cúlchiste riamh ionas go seachnófar acmhainní a choinneáil siar ó fheirmeoirí.

Bíodh is gur bunaíodh é chun cabhrú le feirmeoirí ó thaobh praghsanna nó éagobhsaíochta sa mhargadh, is léiriú ar theorainn a struchtúir agus a oibríthe airgeadais é nach ndearnadh an cúlchiste a ghníomhachtú riamh. Léirítear le minicíocht mhéadaitheach na ndálaí eacnamaíocha, chomh maith le dálaí díobhálacha aeráide agus sláintíochta, a bhfuil suaitheadh suntasach sa mhargadh mar thoradh orthu, go bhfuil géarghá le cúlchiste géarchéime lánfheidhmiúil, ar féidir é a chur i ngníomh agus a chur ar fáil ar bhealach freagrúil agus éifeachtúil.

Cuireann Parlaimint na hEorpa i bhfáth go mbeadh feidhm níos éifeachtaí le cúlchiste géarchéime lánmhaoinithe, arna bhunú ar dtús ag EUR 400 milliún i dteannta bhuiséid CERT agus CETFT, atá carnach, agus cistí nár úsáideadh á dtabhairt anonn agus á gcur leis an mbliain dar gcionn le linn na clárthréimhse, agus go mbeadh tionchar níos mó aige chun cúnamh

AM\1220569GA.docx

PE661.524v01-00

géarchéime tráthúil agus cistiú beart spriocdhírthe a chur ar fáil do na hearnálacha atá thíos leis.

### **POSEI agus na hOileáin Aeigéacha**

Mar gheall ar a suíomh geografach, go háirithe a n-iargúlacht, a n-oileánachas, a mbeagmhéid, a dtopagrafaíocht agus aeráid achrannach, tá ar na réigiúin is forimeallaí, dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, dul i ngleic le fadhbanna sonracha socheacnamaíocha a bhaineann le soláthar bia agus táirgí talmhaíochta atá riachtanach do thomhaltas nó do tháirgeadh talmhaíochta. Bunaíodh i Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle bearta sonracha in earnáil na talmhaíochta chun na deacrachtaí a eascraíonn as an staid shonrach sin a leigheas, dá bhforáiltear san Airteagal sin. Ina theannta sin, leis an scéim le haghaidh bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) Uimh. 229/2013, téitear i ngleic freisin leis na saincheisteanna céanna ach i suíomh geografach éagsúil.

Tugann an tábhacht a bhaineann le bearta agus deiseanna sonracha sna réigiúin agus sna hoileáin sin údar le leibhéal na tacaíochta speisialta atá rithábhachtach chun na bearta sin a chur chun feidhme go rathúil. Dá bhrí sin, agus na gealltanais phoiblí a thug an Coimisiún roimhe seo do na réigiúin agus do na hoileáin sin á gcur san áireamh, tá Parlaimint na hEorpa á iarraidh go leanfaí de na cláir an-rathúil arna réachtáil faoin dá Rialachán sin gan cur isteach, agus go coinneofar ar bun an leibhéal céanna tacaíochta atá ann faoi láthair, ar a laghad, do na réigiúin agus do na hoileáin sin. Ar an gcaoi sin, léireodh an tAontas a dhlúthpháirtíocht agus a thiomantas do na réigiúin agus do na hoileáin sin a bhfuil míbhuntáistí sonracha ag bagairt orthu.

### **Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa maidir le heagraíochtaí idirchraoibhe sna réigiúin is forimeallaí**

Mar gheall ar a méid an-bheag agus a n-oileánachas, tá na margaí áitiúla sna réigiúin is forimeallaí an-leochaileach maidir le luaineachtaí praghsanna a bhaineann le sreafaí allmhairithe ón gcuid eile den Aontas nó ó thríú tíortha. Le hAirteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), aithnítear riachtanais speisialta na réigiúin is forimeallaí agus leagtar amach an bunús le creat reachtach chun cabhrú leo dul i ngleic lena gcásanna ar leith. Tugtar aghaidh air sin freisin i Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a leasaítear leis an Rialachán seo. Ós rud é go bhfuil sé léirithe go bhféadfadh úsáid eagraíochtaí idirchraoibhe aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha eárnálacha na táirgeachta talmhaíochta sna réigiúin is forimeallaí, ba cheart, go háirithe, go mbeadh sé ceadaithe cheana féin solúbthacht a chleachtadh maidir le cur chun feidhme fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle sna réigiúin sin chun leas iomlán a bhaint as na hacmhainní a leithdháiltear leis an Rialachán seo ar na réigiúin sin.

Dá bhrí sin, leis na heagraíochtaí idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagal 157 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus a mheastar a bheith ionadaíoch, ba cheart an deis a bheith acu na comhbhearta riachtanacha a dhéanamh atá ceaptha a áirithiú go leanfaidh an táirgeadh áitiúil de bheith iomaíoch ar na margaí áitiúla atá i gceist agus ar bhealach inbhuanaithe.

Chun na críche sin, d'ainneoin Airteagail 28, 29 agus 110 CFAE agus Airteagal 165 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus gan dochar d'Airteagal 164 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus bunaithe ar Airteagal 349 CFAE arna léirmhíniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina breithiúnas i gcásanna uamtha C-132/14 go C-136/14, leagann Parlaimint na hEorpa béim ar a thábhachtaí atá sé na hionstraimí iomchuí uile a fhiosrú chun go bhféadfaidh na Ballstáit lena mbaineann, i gcomhthéacs comhaontuithe leathnaithe idirchraoibhe agus tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí lena mbaineann, iachall a chur ar oibreoirí aonair nó grúpaí de oibreoirí eacnamaíocha nach baill den eagraíocht idirchraoibhe lena mbaineann iad ach a oibríonn ar an margadh áitiúil i dtrácht, gan beann ar a dtionscnamh, na ranníocaíochtaí airgeadais uile a íocann comhaltaí na heagraíochta sin, nó cuid de na ranníocaíochtaí airgeadais sin, a íoc leis an eagraíocht sin, lena n-áirítear i gcásanna ina gcuireann na fáлтаis a thagann ó na ranníocaíochtaí sin airgead ar fáil do bhearta chun táirgeadh áitiúil amháin a choimeád ar bun nó ina ngearttar na ranníocaíochtaí sin ag céim éagsúil den phróiseas margaíochta.